


GCE



Sonraíocht GCE CCEA
**Teicneolaíocht
Dhigiteach**

Le teagasc den chéadúair ó Mheán Fómhair 2016
Le bronnadh ar leibhéal AS den chéadúair Samhradh 2017
Le bronnadh ar leibhéal A den chéadúair Samhradh 2018
Cód Ábhair: 2650

Is é atá sa doiciméad seo, aistriúchán ar Chaibidil 3, Inneachar Ábhair, den tSonraíocht.

3 Inneachar Ábhair

Tá an cúrsa seo roinnte ina cheithre aonad: dhá aonad ag leibhéal AS agus dhá aonad ag A2. Leagtar amach sa roinn seo an t-inneachar agus na torthaí foghlama do gach aonad.

3.1 Aonad AS 1: Cuir Chuige i Leith Forbairt Córas

San aonad seo, forbraíonn daltaí eolas agus tuiscint ar na cuir chuige éagsúla i leith forbairt córais choimpléascacha, na heochairchéimeanna sa phróiseas forbartha agus na torthaí a tháirgtear ag gach céim. Cuireann inneachar an aonaid seo bonn agus taca faoin fhoghlaim a bheidh ar siúl sna trí aonad a thagann ina dhiaidh. Measúnaítear an t-aonad seo trí scrúdú scríofa 1 uair agus 30 bomaite ina bhfuil ceisteanna gearra agus sínte araon.

Tá tuilleadh mionsonraí i Roinn 6.

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p>Cuir Chuige i Leith Forbairt Córas Fáthanna le forbairt córas</p> <p>Anailís</p>	<p>Ba chóir do dhaltaí bheith ábalta:</p> <ul style="list-style-type: none"> • tionchar 'an ghéarchéim bogearraí' a mhíniú; • an gá atá le córais bogearraí a riarann ar riachtanais eagrais agus/nó daoine aonair a mhíniú; • na príomhthosca a théann i bhfeidhm ar fhorbairt córas a mhíniú: riachtanais an úsáideora, am agus costas ; • a thuiscint gurb é atá i gcóras ríomhaireachta, comhéadan úsáideora, próisis agus sonraí; • cur síos ar róil na ndaoine seo a leanas le linn forbairt córas: <ul style="list-style-type: none"> – an t-anailísí córas; – an bainisteoir tionscadail; agus – an ríomhchláraitheoir; • cur síos ar fheidhm na hanailíse; • teicnící éagsúla aimsiú fíricí a mheas: agallaimh, ceistneoirí, breathnóireacht agus sampláil doiciméad; • idirdhealú idir riachtanais úsáideora fheidhmeacha agus neamhfheidhmeacha i gcórais, amhail rialú stoic, áirithint, párolla agus billeáil; • an fheidhm atá le léaráid den tsreabhadh sonraí (DFD) a mhíniú; agus • comhthéacs agus DFDanna leibhéal 1 a chruthú do chásanna simplí

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p>Cuir Chuige i Leith Forbairt Córas (ar lean.) Dearadh, forbairt agus tástáil</p> <p>Cur i bhfeidhm</p>	<p>Ba chóir do dhaltaí bheith ábalta:</p> <ul style="list-style-type: none"> • cur síos ar fheidhm, dearadh, forbairt agus tástáil córas; • cur síos ar úsáid clárscéalaithe i bhforbairt an chomhéadain úsáideora; • cur síos ar úsáid fréamhshamhaltaithe i ndearadh an chomhéadain úsáideora agus na samhla sonraí; • an tábhacht atá le tástáil a thuiscint le linn forbairt córais le cáilíocht an chórais a chinntiú; • idirdhealú idir cineálacha éagsúla tástála: córas, glacadh, alfa-thástáil agus béite-thástáil; • feidhm plean tástála a thuiscint; • cur síos ar phríomh-chomhpháirteanna plean tástála; • idirdhealú a dhéanamh idir cineálacha éagsúla sonraí tástála; <p>Cur i bhfeidhm</p> <ul style="list-style-type: none"> • cur síos ar an fheidhm atá le feidhmiú córais; • modhanna éagsúla athraithe a luacháil: comhthreomhar, díreach, píolótach agus céimneach; • cur síos ar na cineálacha éagsúla doiciméadaithe: doiciméadú úsáideora agus doiciméadú teicniúil, agus a mhíniú cén dóigh a n-úsáidtear iad; • an chiall atá le tiontú sonraí a mhíniú; • cur síos ar an fheidhm atá le cothabháil córais; agus • cineálacha éagsúla cothabhála a luacháil: ceartaitheach, oiriúnaitheach agus foirfeach.
<p>Cuir Chuige i leith Forbairt Córas (ar lean.) Cuir chuige forbartha mhalartacha</p>	<p>Ba chóir do dhaltaí bheith ábalta:</p> <ul style="list-style-type: none"> • cur síos ar phríomhghnéithe cuir chuige éagsúla i leith forbairt córas: an tsamhail chascáideach, Mearfhorbairt Feidhmchlár (<i>RAD</i>) agus an Modh Aclaí; • cuir chuige éagsúla i leith forbairt córas a luacháil: an

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p>Tionscadail bhogearraí</p> <p>Saincheistanna slándála</p> <p>Ríomhchlárú Timpeallacht Ríomhchlárúcháin</p> <p>Struchtúr ríomhchláir</p>	<p>tsamhail chascáideach, Mearfhorbairt Feidhmchlár (RAD) agus an Modh Aclaí</p> <ul style="list-style-type: none"> • cur síos ar na príomhghnéithe in eagrú tionscadal bogearraí: acmhainní, srianta agus rioscaí; • príomhghnéithe bainistíocht tionscadail bogearraí a mhíniú; • úsáid uirlisí bainistíocht tionscadail a luacháil: cairteacha Gantt agus anailís rébhealaigh; • cur síos ar an tábhacht atá le bainistíocht leaganacha le linn forbairt córas • a mhíniú cad chuige a gcuirtear sonraí i gcartlann; • an gá atá le cúltacú agus athshlánú a mhíniú; • modhanna cúltaca a luacháil: cúltacú iomlán, cúltacú difreálach agus cúltacú méadaitheach; • an fheidhm atá le plean athshlánaithe ó thubaiste a mhíniú; • cur síos ar a bhfuil i ngnáthphlean athshlánaithe ó thubaiste; • cur síos ar fheidhm ríomhchláir; • cur síos ar phríomhghnéithe timpeallacht chomhtháite forbartha (IDE); • próiseas an aistriúcháin a mhíniú • na téarmaí 'algartam,' 'comhréir', 'cineál sonraí' agus 'athróg' a mhíniú; agus • cur síos ar bhunchoincheapa ríomhchlárúcháin: seicheamh, roghnú agus atriail, lena n-áirítear lúba áireamh-rialaithe agus coinníoll-rialaithe

Inneachar	Torthaí Foghlama
Ríomhchlárú Struchtúr ríomhchláir (ar lean)	Ba chóir do dhaltaí bheith ábalta: <ul style="list-style-type: none">• cur síos ar an dóigh le halgartaim a léiriú i sreabhchairteacha;• téarmaíocht ríomhchlárúcháin bunaithe ar oibiachtaí a mhíniú: oibiachtaí, aicmí, modhanna agus oidhreacht; agus• úsáid an chuir chuige bunaithe ar oibiachtaí a luacháil.

3.2 Aonad AS 2: Bunphrionsabail na Teicneolaíochta Digití

San aonad seo, forbraíonn daltaí eolas agus tuiscint ar bhunphrionsabail córas, amhail léiriú sonraí, ailtireacht ríomhairí, bogearraí agus an comhéadan úsáideora. Le cois Aonad AS 1, dúshraith a bheidh in ábhar an aonaid seo le dul ar aghaidh go dtí A2. Measúnaítear an t-aonad seo trí scrúdú scríofa 1 uair agus 30 nóiméad ina bhfuil ceistanna gairide agus sínte araon.

Tá tuilleadh mionsonraí i Roinn 6.

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p>Léiriú sonraí Giotáin agus bearta</p> <p>Dénártha agus deachúil</p> <p>Sonraí agus faisnéis Sonraí, faisnéis agus eolas</p>	<p>Ba chóir do dhaltaí bheith ábalta :</p> <ul style="list-style-type: none"> na téarmaí seo a mhíniú: giotán, beart, cileabheart, meigibheart, gigibheart agus teiribheart; a léiriú gur féidir luachanna éagsúla 2^n a léiriú le giotáin n (uasmhéid $n = 8$); tiontuith a dhéanamh ó dheachúil go dénártha agus ó dhénártha go deachúil le haghaidh uasmhéid de 8 ngiotán; a léiriú cén dóigh a dtig leis an chóras comhlánú le dónna uimhreacha deimhneacha agus diúltacha a léiriú sa chóras dhénártha trí úsáid 8 ngiotán; a léiriú cén dóigh a n-úsáidtear Cód Caighdeánach Meiriceánach um Idirmhalartú Faisnéise (ASCII) agus Unicode le carachtair a léiriú; idirdhealú idir sonraí, faisnéis agus eolas trí úsáid samplaí; cur síos ar an dóigh a dtig leis na tosca seo a leanas dul i bhfeidhm ar cháilíocht na faisnéise a tháirgtear: <ul style="list-style-type: none"> – beaichte; – ábharthacht; – cothrom le dáta/cúrsaíocht; – iomláine; – cur i láthair; agus – iontaofacht.

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p>Sonraí agus faisnéis (ar lean) Bailíochtú agus fíorú sonraí</p> <p>Crua-earraí agus bogearraí Ailtireacht</p> <p>An comhéadan úsáideora</p>	<p>Ba chóir do dhaltaí bheith ábalta:</p> <ul style="list-style-type: none"> • cur síos ar na modhanna bailíochtú sonraí seo a leanas agus iad a fheidhmiú: <ul style="list-style-type: none"> – raon; – cineál; – fad; – formáid; – láithreach; – Seicdhigit Mhodál 11; agus – cuardach tábla; • an fheidhm atá le modhanna fíorú sonraí a thuiscint: iontráil dhúbailte, léamh profaí, seicdhigití agus iomláin bhaisce (hais agus rialú); • teorainneacha bailíochtú agus fíorú sonraí a mhíniú; • cur síos ar chomhpháirteanna inmheánacha ríomhchórais: próiseálaí, clog, príomhchuímhne, cuimhne thaisce, busanna (seoladh, sonraí agus rialú), rialaitheoirí ionchurtha/aschurtha (I/A) (I/O), tabhail agus poirt; • cur síos ar an chiogal <i>gabh, rith</i>; • na tosca a dtig leo dul i bhfeidhm ar luas próiseála a luacháil: cineál próiseálaí agus luas cloig; • an gá atá le stóras tánaisteach a mhíniú; • cur síos ar mheáin stóras tánaisteach: maighnéadach, optúil agus flais; • úsáid meáin stóras tánaisteach faoi choinne feidhmchláir choitianta a luacháil; • cur síos ar na príomhghnéithe cineálacha éagsúla comhéadan úsáideora: fuinneoga, deilbhíní, roghchlár, pointeoir (WIMP), líne na n-orduithe agus dialóg foirmeacha; agus • cineálacha éagsúla comhéadan úsáideora a luacháil: WIMP, líne na n-orduithe agus dialóg foirmeacha.

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p>Crua-earraí agus bogearraí (ar lean.) Comhbhrú sonraí</p> <p>Bogearraí córais</p> <p>Bogearraí feidhme</p> <p>Córais phróiseála</p>	<p>Ba chóir do dhaltaí bheith ábalta:</p> <ul style="list-style-type: none"> • an gá atá le comhbhrú sonraí a mhíniú; • cur síos ar an dóigh a n-úsáidtear zipeáil le sonraí a chomhbhrú; • formáidí coitianta sonraí a luacháil: txt, wav, mapa giotán, Comh-Shainghrúpa Grianghrafadóireachta (<i>JPEG</i>), Sainghrúpa Scannánaíochta (<i>MPEG</i>) agus Formáid Idirmhalartaithe Grafaice (<i>GIF</i>); • cur síos ar an dóigh ar féidir téacs, fuaim agus físeán a ionchur trí úsáid réimse de ghléasanna, ar nós ríomhairí pearsanta, ríomhairí glúine, táibléid nó fóin chliste; • cur síos ar an fheidhm atá le córas oibriúcháin; • cur síos ar chineálacha éagsúla córais oibriúcháin: úsáideoir amháin, ilúsáideoir, ilphróiseáil, iltascáil agus ilsnáithiú; • an gá atá le ríomhchláir áirge a mhíniú; • cur síos ar roinnt ríomhchláir áirge choitianta: comhbhrú sonraí, cúltaca comhaid, bogearraí cartlainne agus bogearraí díbhloghta diosca; • an chiall atá le bogearraí feidhme a mhíniú; • an difear idir bogearraí cineálacha agus bogearraí sainfeidhme a mhíniú; • úsáid bogearraí saincheaptha a chur i gcomparáid le bogearraí réamhdhéanta; • a mhíniú cén dóigh ar féidir bogearraí feidhme a chur ar fáil ar ardáin éagsúla, mar shampla iad a íoslódáil ar ghléas nó a rochtain trí úsáid an ghréasáin; • modhanna éagsúla aimsiú bogearraí a luacháil: dílsithe agus foinse oscailte; • cur síos ar bhaiscphróiseáil agus próiseáil fíor-ama; agus • úsáid baiscphróiseála agus próiseáil fíor-ama faoi choinne feidhmchláir choitianta a luacháil.

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p>Crua-earraí agus bogearraí (ar lean.) Córais phróiseála (ar lean.)</p> <p>Teicneolaíocht ghréasáin agus na hilmheáin Feidhmchláir ghréasáin</p> <p>Forbairt ghréasáin</p>	<p>Ba chóir do dhaltaí bheith ábalta:</p> <ul style="list-style-type: none"> • cur síos ar an ionchur, aschur agus an phróiseáil a bhaineann le réimse de ghléasanna coitianta: uathmheaisíní bainc (UMBanna) (ATMs), teirminéil phointe díolacháin (PD) (POS) agus gutháin chliste; • na téarmaí seo a leanas a mhíniú: An Gréasán Domhanda (WWW) , an t-idirlíon, Aimsitheoir Aonfhoirmeach Acmhainne (URL), Prótacal Aistrithe Hipirtéacs (HTTP), seoladh Prótacal Idirlín (IP), brabhsálaí gréasáin, freastalaí gréasáin, óstáil ghréasáin, Prótacal Aistrithe Comhad (FTP), soláthraí seirbhísí Idirlín (ISP), inneall cuardaigh, taisce, fianáin, tairseach, suíomh gréasáin agus leathanach gréasáin; • a mhíniú cén dóigh a n-eagraítear ainmneacha fearainn; • cur síos ar ról an Aontais idirnáisiúnta Teileachumarsáide (ITU) agus Feadhnacht an Ghréasáin Dhomhanda (W3C) i gcomhaontú caighdeán ghréasáin; • úsáid inlín ag eagrais a luacháil; • a mhíniú cén dóigh a gcruthaítear leathanaigh ghréasáin trí úsáid Teanga Mharcála Hipirtéacs (HTML); • an fheidhm atá le réimse de chlibeanna HTML a thuiscint: paragraf, íomhá, ancaire, ordliosta, liosta nach bhfuil in ord agus hipearnaisc; • a mhíniú cén dóigh a n-úsáidtear stílbhileog chascáideach (CSS) i bhforbairt ghréasáin; • idirdhealú idir próiseáil taobh cliaint agus próiseáil taobh freastalaí; agus • modhanna le slándáil a chinntiú ar an idirlíon a luacháil: criptiú (lena n-áirítear eochracha poiblí agus príobháideacha), prótacal aistrithe hipirtéacs (https), Sraith Soicéad Slán (SSL), síniú digiteach nó teastas digiteach.

3.3 Aonad A2 1: Córais Faisnéise

San aonad seo, forbraíonn daltaí eolas agus tuiscint ar chórais faisnéise. Tá sé mar shíneadh ar Aonad AS 2: Bunphrionsabail na Teicneolaíochta Digití, do dhaltaí atá ag dul ar aghaidh ó leibhéal AS. Measúnaítear an t-aonad seo trí scrúdú scríofa 2 uair agus 30 nóiméad ina bhfuil ceisteanna gairide agus sínte araon.

Tá tuilleadh mionsonraí i Roinn 6.

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p>Líonraí Acmhainní líonra</p>	<p>Ba chóir do dhaltaí bheith ábalta:</p> <ul style="list-style-type: none"> • cur síos ar líonraí de réir a scóipe: líonra logánta (<i>LAN</i>), líonra cathrach (<i>MAN</i>) agus líonra achair fhairsing (<i>WAN</i>); • cur síos ar an fheidhm atá le hacmhainní líonra: cárta líonra, freastalaí, mol lasctha, athsheoltóir, pointe rochtana gan sreang, tiontaire meán, seoladh IP agus seoladh rialú rochtana meáin (<i>MAC</i>); • feidhm seoladh IP agus seoladh <i>MAC</i> a shainmhíniú; • cur síos ar ghnéithe de líonraí bunaithe ar fhreastalaí ríomhaire go ríomhaire (<i>P2P</i>); • toipeolaíochtaí an líonra bus, réaltaigh agus fháinnigh a luacháil;
<p>Prótacail</p>	<ul style="list-style-type: none"> • an gá atá le prótacail chumarsáide a mhíniú; • cur síos ar shamhail eagraíochtúil an líonra Idirnasc Córas Oscailte (<i>OSI</i>) agus ar a sraitheanna uile de chomhpháirteanna; agus • cur síos ar phrótacail chumarsáide: <ul style="list-style-type: none"> – Prótacal Rialaithe Tarchurtha/ Prótacal Idirlín (<i>TCP/IP</i>); – Ethernet; – Brath Iompróra Ilrochtana le hAimsiú Imbhualite (<i>CSMA/CD</i>); – seachadadh ceadchomharthaí; – Wi-Fi; – Bluetooth; – prótacal Idirlín ghuthaithe (<i>VoIP</i>); agus – aitheantas radaimhnicíochta (<i>RFID</i>).

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p>Líonraí (ar lean.) Meáin tarchurtha</p> <p>Brath agus ceartú earráidí</p> <p>Bunachair shonraí</p>	<p>Ba chóir do dhaltaí bheith ábalta:</p> <ul style="list-style-type: none"> • bandaleithead agus leathanbhanda a shainmhíniú; • cur síos ar mheáin tarchurtha: cábla miotail, snáthoptaic agus gan sreang; • na meáin tarchurtha seo a mheas maidir le méid an aistrithe sonraí, bandaleithead agus slándáil; • cur síos ar mhodhanna chun earráidí aistrithe sonraí a bhrath agus a cheartú agus na modhanna a luacháil: giotáin phaireachta, suimeanna seiceála, seiceáil macallaí agus seiceáil chioglach iomarcaíochta (CRC); • cur síos ar phríomhghnéithe bunachair sonraí coibhneasta; • cur síos ar an difear idir samhail loighciúil de shonraí agus samhail fhisiceach de shonraí; • na téarmaí seo a shainmhíniú: aitreabúid, eintiteas, eochair phríomhúil, eochair ilchodach, eochair eachtrach, gaoil, sláine na dtagairtí, dúbláil sonraí agus neamhréir sonraí; • samhail ghaol na n-aonán (ER) a tháirgeadh do chás ó na riachtanais sonraí tugtha; • cur síos ar thréithe sonraí i bhfoirm neamhnormalaithe, an chéad fhoirm normalach (1NF), dara foirm normalach (2NF) agus tríú foirm normalach (3NF); • cur síos ar bhuntáistí agus mhíbhuntáistí an normalaithe; • riachtanais sonraí do chás a normalú a fhad le 3NF; • cur síos ar chomhpháirteanna foclóir sonraí; • Teanga Struchtúrtha Iarratas (SQL) a úsáid le táblaí a chruthú agus le sonraí a aisghabháil, a nuashonrú, a ionsá agus a scriosadh i mbunachair sonraí coibhneasta; agus • Iarratas Tástálach (QBE) a luacháil mar rogha eile seachas SQL.

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p>Feidhmeanna na teicneolaíochta digití</p> <p>Intleacht shaorga</p> <p>Sainchórais</p> <p>Teanga nádúrtha agus aithint gutha</p> <p>Róbataic</p> <p>Teicneolaíochtaí soghluaiste</p> <p>Mianadóireacht sonraí</p>	<p>Ba chóir do dhaltaí bheith ábalta:</p> <ul style="list-style-type: none"> • a mhíniú cad é an chiall atá le hintleacht shaorga (IS) (AI); • a shuntasáí atá triail Turing a mhíniú leis an chiall atá le IS a shainmhíniú; • cur síos ar phríomhghnéithe samhaltú líonra néarach ; • cur síos ar struchtúr sainchórais; • cur síos ar an fheidhm atá leis an bhonn eolais agus leis an inneall infearis i sainchórais; • na téarmaí seo a leanas a mhíniú maidir le sainchórais: <ul style="list-style-type: none"> – blaosc; – heorastaic; – loighic na doiléire; agus – innealtóir eolais; • sainchórais sa leigheas, diagnóisiú fabhtanna inneall cairr agus árachas saoil a luacháil; • cur síos ar an teicneolaíocht atá de dhíth i gcórais teanga nádúrtha agus aithint gutha; • úsáid córais teanga nádúrtha agus aithint gutha a luacháil; • cur síos ar an teicneolaíocht atá i gceist le húsáid na róbataice; • úsáid na róbataice i raon de chásanna tráchtála a luacháil; • cur síos ar an dóigh a dtacaíonn an teicneolaíocht le cumarsáid guthán póca: crainn ghuthán póca, cealla, córais aistrithe comhartha, rialaitheoir stáisiún bunáite, lárionad lascacháin fón póca agus líonra poiblí lasctheileafóin (PSTN); • an chiall atá le mianadóireacht sonraí a mhíniú; agus • cur síos ar an dóigh ar féidir teicneolaíocht dhigiteach a úsáid sa mhianadóireacht sonraí le méideanna móra sonraí a bhailiú, a stóráil, a phróiseáil agus a anailísiú.

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p>Feidhmeanna na teicneolaíochta digití Mianadóireacht sonraí (ar lean)</p> <p>Néalríomhaireacht</p> <p>Ceisteanna an duine aonair, na sochaí agus an dlí Reachtaíocht</p> <p>Ceisteanna eitice</p>	<p>Ba chóir do dhaltaí bheith ábalta:</p> <ul style="list-style-type: none"> • an tábhacht atá le holltiomsú sonraí in oibríocht agus iomaíochas eagraíochtaí san hearnálacha sláinte, airgeadais agus miondíola; • cur síos ar na bagairtí ar phríobháideacht an duine ó úsáid mianadóireacht sonraí; • an chiall atá le néalríomhaireacht a mhíniú; • na téarmaí seo a mhíniú: fíorúlú, teagmhais óstáilte, réitigh óstáilte agus braisliú; • cur síos ar an dóigh a soláthraíonn néalríomhaireacht seirbhísí ar nós: <ul style="list-style-type: none"> – stóráil sonraí; – r-phost; – bogearraí fíorúlaithe; – cúltaca; agus – feidhmchláir chianóstáilte; • úsáid néalríomhaireachta, maidir le buntáistí gnó agus cúrsaí slándála, a luacháil; • cur síos ar phríomhghnéithe na míreanna reachtaíochta seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> – An tAcht um Chosaint Sonraí; – An tAcht um Chóipcheart, Dearadh agus Paitinní; agus – An tAcht um Mí-úsáid Ríomhairí; • a thuiscint agus a fheidmiú mar a d'fhéadfadh gach mír reachtaíochta dul i bhfeidhm ar eagrais, ar a bhfostaithe agus ar an phobal i gcoitinne; agus • míniú a thabhairt ar na ceisteanna eitice a bhaineann le: <ul style="list-style-type: none"> – uath-chinnteoireacht; – cinsireacht ar líne; – monatóireacht iompraíocht phearsanta; – intleacht shaorga; agus – gabháil, stóráil agus anailísiú eolas pearsanta.

3.4 Aonad A2 2: Forbairt Feidhmchláir (Cás-Staidéar)

San aonad seo, bíonn faill ag daltaí bheith rannpháirteach i gcás fíor mar atá mionsonraithe i gcás-staidéar. Cuireann siad a scileanna, eolas agus tuiscint ar an teicneolaíocht dhigiteach i bhfeidhm le fadhb a réiteach do chliant sonraithe.

Cuirimid cás-staidéar úr ar fáil gach bliain.

Cuireann siad a scileanna praiticiúla i bhfeidhm le réiteach, le cois doiciméadacht mhionsonraithe bhainteach, a chruthú don chliant. Tig leo réimse de chuir chuige a ghlacadh, ach ba chóir don mhúinteoir iad a threorú le cuir chuige a roghnú a fhóireann dá gcuid eolais agus scileanna ar leith.

Is féidir an t-aonad seo a theagasc in éineacht le hAonad A2 1: Córais Faisnéise, lena chur ar chumas daltaí bheith ag obair ar feadh tréimhse shínte.

De thairbhe an chás-staidéir seo, spreagtar daltaí a gcuid scileanna a léiriú maidir le:

- fadhb a anailísiú;
- réiteach cuí ar fhadhb fíorshaoil a dhearadh;
- an réiteach a fhorbairt;
- an réiteach a thástáil;
- an réiteach a luacháil; agus
- doiciméadú tacaíochta d'úsáideoirí a fhorbairt.

Inneachar	Torthaí Foghlama
Anailís	<p>Ba chóir do dhaltaí bheith ábalta:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Cairt Gantt a tháirgeadh leis an tionscadal a sceidealú; • srianta inmheánacha agus seachtracha a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an réiteach a shainaitheint; • riachtanais an úsáideora a shonrú i dtéarmaí ionchur, próiseas agus aschur; • riachtanais an úsáideora a chur in ord tosaíochta agus a chosaint ina riachtanais éigeantacha agus neamh-éigeantacha; • uirlisí anailíse amhail DFDanna (leibhéal 0 agus leibhéal 1) a úsáid leis an tsreabhadh sonraí tríd an chóras faisnéise agus na próisis a bhíonn de dhíth a léiriú; agus • na riachtanais chrua-earraí agus bhogearraí i gcruthú an chórais úir a shainiú.

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p>Dearadh</p> <p>Forbairt feidhmchlár</p> <p>Doiciméadú agus luacháil</p>	<p>Ba chóir do dhaltaí bheith ábalta:</p> <ul style="list-style-type: none"> • dearadh foriomlán don chóras a tháirgeadh; • cur síos a tháirgeadh do gach próiseas, agus algartaim más cuí, bunaithe ar riachtanais úsáideora; • miondearadh de gach comhéadan úsáideora a tháirgeadh, lena n-áirítear bailíochtú cuí; • teicnící samhaltú sonraí le léaráid ER a tháirgeadh do bhunachar sonraí iomlán coibhneasta; • a thaispeáint go mion mar a normalaítear an réiteach bunachar sonraí go dtí 3NF; • na hiarratais agus tuairiscí a bhíonn de dhíth a dhearadh; • plean cuimsitheach tástála a fhorbairt; • bogearraí cuí a roghnú agus a úsáid leis an réiteach a fhorbairt agus a fheidhmiú; • an réiteach bogearraí a thástáil; • straitéis feidhmithe córais a dhoiciméadú; • an réiteach a luacháil i gcomhthéacs riachtanais an úsáideora; • forbairtí féideartha breise ar an chóras a shainaithint; agus • treoir leictreonach a fhorbairt, inrochtana ón chomhéadan úsáideora, a mhíníonn an dóigh leis an fheidhmchlár a úsáid.

